Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/2322

14.11.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/2322 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Samhain 2025**

**chun tacú le hacmhainneachtaí stáit a neartú chun feabhas a chur ar chosaint na sibhialtach agus chun tionchar na dteicneolaíochtaí traidisiúnta arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn a mhaolú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh 2016 ('Straitéis Dhomhanda an Aontais'), cuirtear i dtábhacht go gcuirfidh an tAontas dlús leis an méid a chuireann sé le comhshlándáil na hEorpa.

(2) Tugann Straitéis Dhomhanda an Aontais dá haire go dtacóidh an tAontas go láidir le conarthaí agus córais maidir le dí-armáil iltaobhach, neamhleathadh agus rialú arm a uiliú, a chur chun feidhme ina n-iomláine agus a fhorfheidhmiú.

(3) Rialaítear le hionstraim amháin den sórt sin, eadhon Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu ('CCW'), úsáid gnáth-arm áirithe, i gcoinbhleachtaí armtha, a mheastar a bheith ina gcúis le ró-fhulaingt ag comhraiceoirí nó le díobháil neamh-idirdhealaitheach do phobail shibhialta.

(4) Is mian leis an Aontas rannchuidiú le huiliú, cur chun feidhme agus neartú CCW chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith ina chuid láidir agus éifeachtach den chóras iltaobhach dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm, ag tógáil leis ar an obair a rinneadh chuige sin faoi Chinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle. ([1])

(5) Thairis sin, is mian leis an Aontas tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe don Todhchaí, a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe in 2024 chun a dtiomantas don tsíocháin agus don tslándáil a athnuachan trí chomhaontú a dhéanamh maidir le bearta suntasacha arb é is aidhm dóibh an chobhsaíocht dhomhanda a fheabhsú. Áirítear ar na bearta sin oibleagáidí a athdhearbhú faoi ionstraimí idirnáisiúnta dí-armála atá ann cheana, cuir chuige nuálacha a ghlacadh, agus uirlisí nua a fhorbairt chun cosaint sibhialtach a fheabhsú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é cuspóir an tionscadail a dtacaítear leis leis an gCinneadh seo acmhainneachtaí stát a neartú chun sibhialtaigh a chosaint agus tionchar na dteicneolaíochtaí traidisiúnta arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn a mhaolú.

2. Chuige sin, tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) cur chuige réamh-mheasta dinimiciúil freagrúil a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar theicneolaíochtaí nua arm agus ar theicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn;

(b) aghaidh a thabhairt ar thionchar na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn ar chosaint sibhialtach trí eolas teicniúil, praiticiúil agus normatach feabhsaithe a thabhairt do gheallsealbhóirí;

(c) rannchuidiú le cur chun feidhme Chomhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí agus le cur chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine sna réimsí ina bhfuil siad ag teacht le hiarrachtaí dí-armála daonnúla.

3. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021 chun tacú le huiliú, cur chun feidhme agus neartú an Choinbhinsiúin maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCW) (IO L 334, 22.9.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1694/oj).

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA) a dhéanfaidh cur chun feidhme theicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Comhlíonfaidh UNODA a chúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNODA.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 299 897,33 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme ('an caiteachas').

2. Déanfar an caiteachas a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le UNODA ('an comhaontú'). Sonróidh an comhaontú go gcaithfidh UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a áirithiú, ar bhealach atá iomchuí le méid na ranníocaíochta sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí agus é sin á dhéanamh aige agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú sin chun críche.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta gach sé mhí arna n-ullmhú ag UNODA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn le meastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú chuig an gComhairle maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh sé in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, sé mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura mbeidh an comhaontú tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. LOSE

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**Acmhainneachtaí an Stáit a Neartú chun Feabhas a chur ar Chosaint na Sibhialtach agus chun tionchar na dTeicneolaíochtaí Gnáth-Arm agus na dTeicneolaíochtaí Arm atá ag Teacht Chun Cinn a mhaolú**

## 1. CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT

In 2024, ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe an Comhshocrú don Todhchaí, agus a ngealltanais maidir leis an tsíocháin agus leis an tslándáil á n-athnuachan acu trí chomhaontú a dhéanamh maidir le bearta suntasacha arb é is aidhm dóibh an chobhsaíocht dhomhanda a fheabhsú. Áiríodh ar na bearta sin oibleagáidí a athdhearbhú faoi ionstraimí idirnáisiúnta dí-armála atá ann cheana, cuir chuige nuálacha a ghlacadh, agus uirlisí nua a fhorbairt chun cosaint sibhialtach a fheabhsú.

Tá Gníomhaíocht 26 den Chomhshocrú don Todhchaí tiomanta do thacaíocht a thabhairt do Stáit agus iarrachtaí á ndéanamh acu sibhialtaigh a chosaint ar na bagairtí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí gnáth-arm agus na teicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn. Aithnítear le Gníomhaíocht 27 go bhfuil deiseanna agus rioscaí ag baint le hathrú tapa atá ag tarlú i réimse na teicneolaíochta d'iarrachtaí comhchoiteanna an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun agus leagtar béim inti ar a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gcóras arm uathrialaitheach marfach.

Ina theannta sin, i nGníomhaíocht 14, cháin na Stáit go láidir tionchar tubaisteach na coinbhleachta armtha ar shibhialtaigh, ar an mbonneagar sibhialta agus ar an oidhreacht chultúrtha, agus chuir siad in iúl go raibh imní ar leith orthu faoin tionchar díréireach atá ag an bhforéigean ar mhná, ar leanaí, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar dhaoine eile atá i staideanna leochaileacha agus coinbhleacht armtha ann.

I dteannta a chéile, leagann an méid thuas béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh daoine i gcroílár saincheisteanna a bhaineann le coinbhleacht armtha agus le húsáid agus rialú na dteicneolaíochtaí gnáth-arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn, agus béim á leagan ar bhearta lena gcuirtear chun cinn prionsabail dhaonnúla, cearta an duine, forbairt inbhuanaithe, agus breithnithe eile atá riachtanach d'fholláine intinne agus coirp na ndaoine.

Is é is aidhm don tionscadal feidhmiú mar uirlis chuimsitheach beartais oibríochtúil, atá ceaptha chun eolas agus acmhainneachtaí na Stát a neartú chun tionchar na dteicneolaíochtaí gnáth-arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn a mhaolú agus a n-oibleagáidí faoi chonarthaí daonnúla a dhaingnigh siad a chomhlíonadh.

## 2. CUSPÓIRÍ

Beidh an cuspóir foriomlán seo a leanas ag an gCinneadh ón gComhairle: acmhainneachtaí an stáit a neartú ar mhaithe le cosaint na sibhialtach agus chun tionchar na dteicneolaíochtaí gnáth-arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn a mhaolú.

Chuige sin, déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin tionscadal:

(a) An todhchaí a chosaint trí chur chuige réamh-mheasta dinimiciúil freagrúil a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar theicneolaíochtaí nua arm agus ar theicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn;

(b) Aghaidh a thabhairt ar thionchar na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn ar chosaint sibhialtach trí eolas teicniúil, praiticiúil agus normatach feabhsaithe a thabhairt do gheallsealbhóirí;

(c) Rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe don Todhchaí agus le cur chun cinn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine sna réimsí ina bhfuil siad ag teacht le hiarrachtaí dí-armála daonnúla; agus

(d) Cur leis an obair a rinneadh faoin tionscadal tacú le huiliú, cur chun feidhme agus neartú an Choinbhinsiúin maidir le Gnáth-Airm Áirithe (CCW) (Cinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2021).

3. **ASCHUIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCHASACHA**

Déanfar na gníomhaíochtaí seo a leanas faoin tionscadal:

3.1. Gníomhaíocht 1: An todhchaí a chosaint agus an dul chun cinn teicneolaíoch ag tarlú

3.1.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Leis an tionscadal seo, féachfar le cúnamh a thabhairt do Stáit dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas go gníomhach agus aghaidh a thabhairt orthu agus oiriúnú d'athruithe teicneolaíochta, agus a áirithiú go mbeidh nuálaíocht fhreagrach agus an tiomantas sibhialtaigh a chosaint ar thús cadhnaíochta i gcónaí maidir le dearadh agus úsáid teicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn. Go sonrach, féachfar leis an ngníomhaíocht sin le tacú le Stáit agus plé iltaobhach á dhéanamh maidir le córais arm uathrialaitheach marfach, go háirithe sa Ghrúpa Saineolaithe Rialtais maidir le Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn i Réimse an Chórais Arm Uathrialaitheach Marfach.

3.1.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Áireofar an méid seo a leanas ar na spriocanna insoláthartha:

— Dhá staidéar ar a laghad a fhorbairt lena n-áirítear measúnuithe riosca iontu chun fanacht ar an eolas faoi fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu don tsíocháin agus don tslándáil dhomhanda, don dlí daonnúil idirnáisiúnta agus don dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

— Suas le sé idirphlé a eagrú le rannpháirtíocht thrasdisciplíneach a éascú i measc eolaithe, ceannairí tionsclaíochta, éiticithe, innealtóirí agus taidhleoirí chun teacht suas le réitigh iomlánaíocha, agus chun a áirithiú go gcuirfear impleachtaí eiticiúla, dlíthiúla, daonnúla agus maidir le cearta an duine san áireamh go leordhóthanach i ndearadh agus in úsáid teicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn. Reáchtálfar idirphlé amháin ar a laghad i gcomhar le hinstitiúidí acadúla agus taighde chun feabhas a chur ar an eolas ar ról na mban agus na hóige sa dí-armáil agus chun feasacht ar an ról sin a chur chun cinn, agus beidh rannpháirtíocht fhóinteach saineolaithe ban agus daoine óga atá gníomhach i réimse na dí-armála i gceist sa phlé.

3.1.3. Toradh Ionchasach na Gníomhaíochta

— Leis an dá staidéar, fiosrófar agus ginfear léargas agus moltaí beartais maidir leis na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí arm nua agus teicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn chomh maith le slite a shainaithint a mbeidh na Stáit in ann freagairt agus a bheith rannpháirteach. Dá réir sin, meastar go mbeidh Stáit agus páirtithe leasmhara eile níos rannpháirtí maidir leis na saincheisteanna sin. Deis a bheidh san idirphlé chun an plé maidir le córais arm uathrialaitheacha marfacha a chur chun cinn agus tacú le dul chun cinn na bpróiseas idir-rialtasach ábhartha, go háirithe an Grúpa Saineolaithe Rialtais maidir le Córas Arm Uathrialaitheach Marfach, in 2025-2026 agus ina dhiaidh sin.

— Ina theannta sin, beidh an ghníomhaíocht ina spreagadh le dearcthaí leathana ar an tsaincheist a chruinniú agus a chomhtháthú agus, de réir mar is infheidhme, tabharfaidh sí saincheisteanna sainaitheanta agus guthanna nach bhfuil cloiste againn go fóill, go háirithe ón Domhan Theas, go dtí an leibhéal idirnáisiúnta agus go leibhéal an phlé iltaobhaigh, lena n-áirítear sa Ghrúpa Saineolaithe Rialtais maidir le Córais Arm Uathrialaitheach Marfach.

— Féachfar leis an ngníomhaíocht freisin a áirithiú go dtabharfar aghaidh go cuimsitheach ar ról na mban agus na hóige sa dí-armáil agus go mbeidh fís ann don lánpháirtiú fadtéarmach. Dá réir sin, meastar go dtabharfar de chumhacht do mhná agus d'ionadaithe don óige páirt a ghlacadh i bplé ar ábhair ábhartha agus go ndéanfar deiseanna rannpháirtíochta a shainaithint agus a shaothrú agus é mar sprioc dheiridh acu go mbeidh rannpháirtíocht fhóinteach rialta acu i raon leathan fóram dí-armála.

3.2. Gníomhaíocht 2: Cur chun feidhme náisiúnta an Choinbhinsiúin maidir le Gnáth-Arm Áirithe agus príomhionstraimí eile a chur chun cinn agus a éascú

3.2.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Díreoidh an ghníomhaíocht sin ar eolas agus acmhainneacht chuimsitheach a chur ar fáil do Stáit agus do pháirtithe leasmhara ábhartha maidir le hoibríochtú agus cur chun feidhme CCW agus príomhionstraimí daonnúla idirnáisiúnta eile atá daingnithe acu agus ar an tslí a dtagann na réimsí sin le hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus leis na SFInna.

3.2.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Áireofar an méid seo a leanas ar na spriocanna insoláthartha faoin ngníomhaíocht seo:

— Cúnamh teicniúil a sholáthar do suas le 4 Ardpháirtí Chonarthacha in CCW chun athbhreithniú agus/nó tacú le dréachtú/nuashonrú reachtaíochta agus/nó beartas agus lámhleabhar chun an Coinbhinsiún agus na Prótacail a ghabhann leis a chur chun feidhme, agus úsáid á baint as Treoir Cur Chun Feidhme CCW a forbraíodh faoi Chinneadh (CBES) 2021/1694 ón gComhairle.

— Ardán ar líne soláimhsithe agus ilfhreastail amháin a fhorbairt lena gcuirtear faisnéis chuimsitheach ar fáil faoi na hionstraimí dí-armála daonnúla lena n-áireofaí an méid seo a leanas:

  — leabharlann dlí chun reachtaíocht agus beartais ionstraimí ábhartha agus acmhainní ábhartha eile a chur chun feidhme, chun eolas na Stát a fheabhsú agus chun comhroinnt faisnéise maidir le dea-chleachtais agus forbairtí dlíthiúla a éascú.

  — Ardán chun iarrataí ar chúnamh teicniúil a éascú, chomh maith le nasc a chruthú idir Stáit, páirtithe leasmhara agus saineolaithe ábhartha ar féidir leo cúnamh teicniúil a chur ar fáil maidir le comhairle réamhdhaingniúcháin agus cur chun feidhme agus comhlíonadh na n-ionstraimí dí-armála daonnúla.

  — Ardán ina bhfuil acmhainní seachtracha, chun é a chur ar a gcumas do Stáit ábhar coimeádta a bhaineann le dí-armáil dhaonnúil a fhiosrú agus a bheith cothrom le dáta maidir le forbairtí agus treochtaí.

  — Ríomhardán chun tuairisciú bliantúil ionstraimí dí-armála daonnúla roghnaithe a shimpliú, lena n-áiritheofar trédhearcacht agus cuntasacht agus lena laghdófar an t-ualach ar Stáit maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

3.2.3. A bhFuiltear ag Súil Leis mar Thoradh ar an nGníomhaíocht

— Agus cúnamh teicniúil spriocdhírithe á sholáthar, meastar go mbeidh cur chun feidhme náisiúnta feabhsaithe CCW ag líon áirithe Ardpháirtithe Conarthacha mar thoradh ar an ngníomhaíocht. Ina theannta sin, beidh an treoir maidir le cur chun feidhme a forbraíodh faoi EU-CD (CBES) 2021/1694 níos feiceálaí mar thoradh air sin, agus leagfar síos bonn praiticiúil chun cúnamh cur chun feidhme spriocdhírithe a sholáthar amach anseo.

— Ina theannta sin, meastar go mbunófar ardán ar líne ina bhfuil UNODA mar thoradh ar an ngníomhaíocht agus go mbeidh raon leathan uirlisí praiticiúla, treorach agus ábhar ann, lena n-áirítear bunachar sonraí de reachtaíocht agus de bheartais náisiúnta. Éascóidh an t-ardán infhaighteacht ghinearálta ábhar agus cuirfidh sé cúnamh praiticiúil ar fáil do Stáit maidir le hoibleagáidí tuairiscithe bliantúla faoi ionstraimí dí-armála daonnúla roghnaithe chun rátaí tíolactha a mhéadú. Ina theannta sin, cuideoidh an t-ardán freisin le soiléireacht níos fearr a chur ar fáil maidir le comhlántacht na gconarthaí dí-armála daonnúla chun tacú le hiarrachtaí cur chun feidhme agus uilithe araon.

3.3. Gníomhaíocht 3: Uirlisí teicniúla a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt maidir le sibhialtaigh a chosaint

3.3.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Díreoidh an ghníomhaíocht sin ar dhea-chleachtais a chomhroinnt agus ar uirlisí teicniúla a fhorbairt do lucht ceaptha beartas, do chleachtóirí agus d'eagraíochtaí d'fhonn feabhas a chur ar chosaint sibhialtach i gcoinbhleacht armtha agus tionchar arm a mhaolú. Rannchuideoidh an ghníomhaíocht freisin le bearta cothaithe muiníne i measc na Stát atá ina bpáirtithe sa dlí daonnúil idirnáisiúnta ábhartha agus in ionstraimí ábhartha um chearta an duine nó a d'fhormhuinigh iad.

3.3.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Áireofar an méid seo a leanas ar na spriocanna insoláthartha faoin ngníomhaíocht seo:

— 3 cheardlann ar a laghad a eagrú d'oifigigh rialtais, do phearsanra míleata agus d'ionadaithe sochaí sibhialta chun faisnéis a roinnt maidir le dearadh agus cur chun feidhme dea-chleachtas a bhaineann le beartais agus cleachtais i ndáil le cosaint sibhialtach.

— Taighde/anailís chomhthéacsúil amháin ar a laghad maidir le sibhialtaigh a chosaint ar thionchar arm chun príomhréimsí gníomhaíochta do Stáit agus réitigh ghaolmhara a shainaithint, lena n-áirítear cóineasú agus comhlántacht a d'fhéadfadh teacht as sásraí ábhartha um chearta an duine.

— Treoir amháin maidir le hAirm agus Armlóin chun taifeadadh taismeach a éascú, d'fhonn cumas na Náisiún Aontaithe sonraí a bhaineann le hairm a bhailiú a neartú, lena n-áirítear sainaithint arm agus sonraí maidir le bás nó gortú d'fhonn cuntasacht a neartú agus cinnteoireacht fheasach a fheabhsú.

3.3.3. A bhFuiltear ag Súil Leis mar Thoradh ar an nGníomhaíocht

— Táthar ag súil go gcuirfidh na ceardlanna ar chumas na rannpháirtithe tuiscint níos fearr a fháil ar chuir chuige dhuinelárnacha chun tionchar na n-arm a laghdú. Ina theannta sin, beifear in ann idirphlé a dhéanamh idir raon leathan gníomhaithe, lena n-áirítear cleachtóirí míleata agus cleachtóirí sochaí sibhialta atá ag obair ar an láthair d'fhonn bearta praiticiúla a shainaithint chun straitéisí atá dírithe ar an duine a chur chun feidhme ar fud réimsí éagsúla saineolais, agus crostoirchiú i measc earnálacha á spreagadh ag an am céanna, agus leas á bhaint as an gcorpas moltaí ó shásraí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is é is aidhm don idirphlé míleata sin le páirtithe leasmhara rialtais, sibhialta, oifigeach agus tionscail cosanta agus le hionadaithe na sochaí sibhialta agus le saineolaithe gaolmhara eile samplaí nithiúla de dhea-chleachtais a shainaithint agus a bhailiú maidir le sibhialtaigh a chosaint ar úsáid gnáth-arm. Táthar ag súil go gcuirfidh an fhaisnéis a chomhthiomsaítear bonn eolais faoi rannpháirtíocht níos leithne an Stáit agus na bpáirtithe leasmhara maidir leis an tsaincheist d'fhonn pobal cleachtais a thógáil ina dtugtar tús áite do chosaint na sibhialtach, agus chun treoir phraiticiúil a chur ar fáil do Stáit a bhfuil beartais agus cleachtais náisiúnta á n-athbhreithniú nó á ndréachtú acu.

— Déanfar réimsí gníomhaíochta do Stáit a shainaithint agus a mholadh sa pháipéar anailíse d'fhonn feabhas a chur ar chur chuige maidir le sibhialtaigh a chosaint i gcomhthéacs na n-ionstraimí dí-armála daonnúla atá ann cheana. Dá réir sin, meastar go nglacfaidh na Stáit le gníomhaíochtaí molta agus le deiseanna rannpháirtíochta, le tacaíocht ó UNODA.

— Táthar ag súil go gcuirfidh an treoir theicniúil feabhas ar chruinneas agus ar acmhainneacht na Náisiún Aontaithe sonraí a bhaineann le hairm a bhailiú trína n-eintitis agus a ngníomhaireachtaí éagsúla, lena n-áirítear cleachtóirí allamuigh, agus ar an gcaoi sin, freagairt dhíreach a thabhairt ar iarrataí ó na Stáit ar na Náisiúin Aontaithe sonraí a chur ar fáil maidir le húsáid arm agus cosaint sibhialtach ar bhealach níos caighdeánaithe. Ina theannta sin, cuideoidh sé lena áirithiú go mbainfear úsáid chomhsheasmhach as téarmaí agus coincheapa sa treoraíocht agus san fhaisnéis a chuirfidh na Náisiúin Aontaithe ar fáil.

4. **SOLÁTHAR FOIRNE**

Chun an Cinneadh seo ón gComhairle a chur chun feidhme, beidh gá le foireann leanúnach a bheith sa Ghinéiv lena áirithiú go leanfar le cur chun feidhme cuíchóirithe na ngníomhaíochtaí atá ar siúl ó bhí an Cinneadh roimhe seo ón gComhairle i bhfeidhm.

I bhfianaise raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe mar a leagtar amach thuas agus chun cur chun feidhme ardcháilíochta agus inbhuanaitheacht iarrachtaí an Chinnidh seo ón gComhairle a áirithiú, tá sé beartaithe Bainisteoir Cláir tiomnaithe amháin a bheith ann ar leibhéal P3 agus ball foirne tacaíochta riaracháin lánaimseartha amháin a bheith ann ar leibhéal GS. Cuirfear cistiú ar fáil don chéad bhliain d'fhoireann GS le hacmhainní seachbhuiséadacha eile, iarrfaidh UNODA ar Bhallstáit an Aontais freisin seasamh tiomnaithe JPO a chistiú chun tacú le gníomhaíochtaí CCW agus chun iad a chur chun feidhme. Cumhdófar le ceanglais bhreise foirne sainchomhairleoirí agus conraitheoirí aonair chun gníomhaíochtaí nó táirgí sonracha a ullmhú i gcás nach féidir teacht ar an saineolas go hinmheánach.

5. **FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ**

Cuirfidh Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme UNODA/CCW tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn isteach maidir le cur chun feidhme an tionscadail.

6. **ACHAR AMA**

36 mhí a mhairfidh cur chun feidhme iomlán measta an tionscadail.

7. **INFHEICTHEACHT AE**

Áiritheoidh UNODA Geneva, i gcomhréir le cleachtas na Náisiún Aontaithe, infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, lena n-áirítear le brandáil iomchuí ar ábhair thionscadail chun aird a tharraingt ar ról agus ar rannchuidiú an Aontais le gníomhaíochtaí tionscadail. Áiritheofar leis sin go mbeidh rannchuidiú an Aontais infheicthe, trédhearcach agus dea-bhrandáilte.

8. **TAIRBHITHE**

Is iad na hionadaithe Stáit, lena n-áirítear ionadaithe foirmiúla, pointí fócasacha náisiúnta chomh maith le cleachtóirí saineolaithe agus pearsanra míleata, príomhthairbhithe an tionscadail seo. I measc na dtairbhithe breise tá príomhpháirtithe leasmhara atá ag obair i réimse na dí-armála daonnúla, lena n-áirítear eintitis agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe a thacaíonn le Stáit chun gealltanais éagsúla a bhaineann le hionstraimí dí-armála daonnúla a chur chun feidhme.